

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar Staidéar Foirgníochta agus
Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)
TUAIRISC**

**Coláiste Chomáin
Ros Dumhach, Contae Mhaigh Eo
Uimhir Rolla: 72140V**

Dáta na cigireachta: 3 Nollaig 2012



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA STAIÉAR
FOIRGNÍOCHTA AGUS SA TEICNEOLAÍOCHT ÁBHAR (ADHMAD)

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	3 Nollaig 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith ceithre thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Breathnaíodh teagasc de chaighdeán an-ard sna ceachtanna uile a fiosraíodh.
- Tá forbairt suntasach déanta ar úsáid modhanna gníomhacha teagaisc.
- Tá an-dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas ó thaobh scileanna Gaeilge na scoláirí a fheabhsú.
- Comhoibríonn na múinteoirí go fíoréifeachtach chun dea-chleachtais a roinnt agus chun feabhas a bhaint amach.
- Is inmholta é go bhfuil borradh tagtha ar líon na gcailíní ag roghnú Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) (TÁA) mar ábhar.
- Leis an dea-chleachtas atá i bhfeidhm maidir le pleanáil roinne ábhair, ba cheart machnamh a dhéanamh anois ar ról an chomhordaitheora a rothlú idir múinteoirí in uainíocht ar a chéile.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba cheart úsáid na scoláirí den chlár dearaidh ríomhchuidithe *SolidWorks* a fhorbairt sa TÁA agus sa Staidéar Foirgníochta (SF).
- Moltar go ndéanfaí athchóiriú ar leagan amach an phlean ábhair scríofa, go háirithe ar na gnéithe a bhaineann go díreach le teagasc agus foghlaim.

RÉAMHRÁ

Is scoil Ghaeltachta í Coláiste Chomáin atá lonnaithe i Ros Dumhach i nGaeltacht Iorrais in iarthuaisceart Mhaigh Eo. Iar-bhunscoil chomhoideachasúil is ea í faoi iontaobhaíocht Choiste Gairmoideachais Mhaigh Eo ag aimsir na cigireachta, Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma anois. Tá 45 scoláire ar an rolla. Tá stádas DEIS (Combhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) ag an scoil. Soláthraítear clár na hIdirbhliana ar bhonn roghnach sa scoil. Soláthraítear réimse iomlán ábhar teicneolaíochta sa scoil le Míotalóireacht agus Grafaic Theicniúil chomh maith le Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) (TÁA) ar fáil sa timthriall sóisearach agus Innealtóireacht agus Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide chomh maith le Staidéar Foirgníochta (SF) sa timthriall sinsearach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Breathnaíodh teagasc de chaighdeán an-ard sna ceachtanna uile a fiosraíodh. Dhírigh an oideolaíocht in úsáid ar fhoghlaim ghníomhach a chur ar fáil do na scoláirí.
- Cruthaítear timpeallacht fhoghlama sármhaith do na hábhair, bunaithe ar bhainistíocht ranga chuí le cumarsáid idirphearsanta den scoth á caomhnú idir múinteoirí agus scoláirí agus i measc na scoláirí féin. Rinne na múinteoirí bainistíocht chruinn éifeachtach ar an obair ghrúpa a d’eagraigh siad do na scoláirí.
- Ba shoiléir sna ceachtanna go raibh na scoláirí ag foghlaim go maith. Thaispeáin a bhfreagraí agus a dtuiscint ar an obair an taithí a bhí acu ar an bhfoghlaim sna hábhair. Dhéileáil dhá cheacht sa timthriall sóisearach leis an dearadh. Léirigh na ceachtanna seo, inar thaispeáin na scoláirí an-tuiscint ar bhunphrionsabail an dearaidh, go raibh leanúnachas sa bhfoghlaim, ach go háirithe sa ghné seo den chúrsa.
- Cuireadh béim chuí ar an measúnú sna ceachtanna. Baineadh úsáid as modhanna an mheasúnaithe chun foghlama, fite fuaite le hobair na gceachtanna agus leis na modhanna gníomhacha teagaisc a cuireadh i bhfeidhm.
- Tá an-dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas ó thaobh scileanna Gaeilge na scoláirí de. Tá an timthriall sóisearach uile ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge anois agus tá se i gceist go leanfaidh an feabhsú seo ar aghaidh don cheathrú bliain an bhliain seo chugainn. Cuireadh béim chuí ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí, le húsáid ábhair i bprionta agus liostaí eochairfhocal chomh maith le cruinnlabhairt na múinteoirí, chun a gcuid foghlama sa Ghaeilge a athneartú.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Leantar dea-chleachtas maidir le rochtain na scoláirí ar TÁA agus SF. Cuireann curaclam na scoile na hábhair seo ar fáil mar rogha do gach scoláire. Tá córas roghnaithe ábhair cóir agus cothrom i bhfeidhm. Sa chéad bhliain cuirtear blaiseadh don TÁA ar fáil do scoláirí chun tacú leo agus iad ag déanamh rogha. San Idirbhliain roghnach déanann gach scoláire staidéar ar chúrsa SF ar feadh na bliana. Cabhraíonn an taithí seo leo roghanna ábhair feasacha a dhéanamh don timthriall sinsearach. Is inmholta é go bhfuil borradh tagtha ar líon na gcailíní ag roghnú TÁA i mbliana sa timthriall sóisearach. Is dea-theist é seo ar an gcóras roghnaithe.
- Soláthraítear tráthchlár cuí do na hábhair. Cuirtear ar a laghad ceacht dúbailte amháin ar fáil in aghaidh na seachtaine do gach rang-ghrúpa, cóiriúchán a éascaíonn cur i gcrích na hoibre praiticiúla.

- Cloíonn an roinn ábhair le beartas na scoile maidir le measúnú. Comhlánaíonn na scoláirí scrúduithe tí aimsir na Nollag agus sa Samhradh. Chomh maith leis an measúnú seo cuirtear scrúduithe ar na scoláirí de réir plean oibre atá leagtha amach do gach bliainghrúpa. Déantar tástáil ar theoiric, dearadh agus obair phraiticiúil sna scrúduithe seo. Is dea-chleachtas measúnaithe é seo.
- Soláthraítear acmhainní, idir ábhair agus threalamh, go córasach de réir achainí trí chomhordaitheoir na roinne ábhair. Cé go n-oibríonn an córas soláthraithe seo go héifeachtach, meastar go mba chóir machnamh a dhéanamh ar chóras buiséadaithe a bhunú mar chuid den phleanáil ábhair amach anseo.
- Moltar, chun barr feabhais a bhaint amach i bhforbairt agus úsáid acmhainní, go ndéanfaí breis forbartha ar úsáid na scoláirí den chlár dearaidh ríomhchuidithe *SolidWorks* sa TÁA agus san SF.
- Glacann múinteoirí na roinne ábhair páirt suntasach san fhorbairt ghairmiúil. Clúdaíonn a ngníomhaíocht forbairt ghairmiúil a bhaineann go díreach lena n-ábhair, é seo curtha ar fáil tríd an seirbhís tacaíochta do na hábhair teicneolaíochta, T⁴, agus forbairt ghairmiúil dírithe go sonrach ar theagasc agus foghlaim, staidéar iarchéime san áireamh.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Leantar roinnt mhaith dea-chleachtas maidir le pleanáil roinne ábhair. Comhoibríonn múinteoirí na dteicneolaíochtaí agus Eacnamaíocht Baile le chéile ag pleanáil agus ag déanamh athbhreithniú ar na ranna ábhair. Cabhraíonn comhoibriú na múinteoirí maidir le pleanáil ábhair go mór chun dul chun cinn suntasach a bhaint amach sa teagasc agus foghlaim. Moltar, chun tuilleadh feabhais a chur ar an bpleanáil, go ndéanfaí machnamh ar ról an chomhordaitheora a aistriú ó mhúinteoir go múinteoir in uainíocht ar a chéile.
- Tá plean scríofa i bhfeidhm do na hábhair atá cuimsitheach agus cruinn de réir na siollabas. Moltar, mar chéad chéim eile i bhforbairt agus athbhreithniú an phlean, go ndéanfaí athchóiriú ar an scéim oibre agus na gnéithe eile a bhaineann go díreach le teagasc agus foghlaim. Moltar iad seo a léiriú i bhfoirm táblaithe le colúin le haghaidh ábhar sonrach, torthaí foghlama atá tuartha, modhanna teagaisc, modhanna measúnaithe agus acmhainní teagaisc a úsáidfear i dteagasc an ábhair shonraigh. Éascóidh an leagan amach seo rochtain ar shonraí pleanála chomh maith le hathbhreithniú agus leasú an phlean a éascú.
- Is cúis mholta í go bhfuil acmhainní teagaisc na n-ábhar uaslódáilte go tiomántán ar ríomhchóras na scoile. Ag aimsir na cigireachta bhí an scoil ar tí córas *Moodle* a chur i bhfeidhm. Taispeánann an fhorbairt seo chomh tiomanta is atá foireann agus bainistíocht na scoile i mbun forbartha chun foghlaim na scoláirí a chur chun cinn.
- Tá pleanáil aonair mhúinteoirí sa roinn ábhair ag leibhéal ard. Bhí rian na dea-phleanála soiléir sna ceachtanna agus ba léir go raibh cuspóirí sonracha leagtha amach a chomhlánaíodh agus a athneartaíodh ag deireadh gach ceachta.
- Coimeádann na múinteoirí taifid iomlána ar fhreastal agus dul chun cinn na scoláirí. Roinntear an t-eolas seo le tuismitheoirí i dtuairiscí scoile agus ag cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí. Baintear úsáid as an dialann scoláirí chun cumarsáid rialta a choimeád leis an mbaile

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.